**Cumann na dTuismitheoirí, Scoil Lorcáin,**
**Baile na Manach, Contae Bhaile Átha Cliath**
**Scoil Náisiúnta – Uimhir Rolla 18451**

# Bunreacht

**Faoin Acht Oideachais, 1998, tá tuismitheoirí uile dhaltaí na scoile ina gcomhaltaí de Chumann na dTuismitheoirí.**

**Tá dhá sprioc ag Cumann na dTuismitheoirí, leagtha amach san Acht Oideachais, 1998 (Alt 26(2)(a) agus (b))**

**Déanfaidh cumann tuismitheoirí leasanna na mac léinn i scoil a chur chun cinn i gcomhar le bord, le Príomhoide, le múinteoirí agus le micléinn na scoile agus, chun na críche sin, féadfaidh sé -**

(a) **comhairle a thabhairt don Phríomhoide nó don bhord maidir le haon ní a bhaineann leis an scoil agus beidh aird ag an bPríomhoide nó ag an mbord, de réir mar a bheidh, ar aon chomhairle den sórt sin, agus**

**(b) clár gníomhaíochtaí a ghlacadh lena ndéanfar páirteachas tuismitheoirí, i gcomhairle leis an bPriomhoide, in oibriú na scoile, a chur chun cinn.**

Is i gcomhthéacs sainiúil Scoil Lorcáin go mbíonn Cumann na dTuismitheoirí:

Ag cuimhneamh go buíoch gurbh iad tuismitheoirí a bhunaigh Scoil Lorcáin in 1952;
Ag féachaint don fhís a bhí ag Coiste bunaithe na scoile agus a bhí ag na glúinte de thuismitheoirí a shaothraigh go tréan ar son oideachas lán-Ghaeilge a chur ar fáil dá bpáistí;
Ag cur san áireamh gur fúinne atá sé na cuspóirí úd a chaomhnú, a fhorbairt agus a chothú, ní amháin ar son ár bpáistí féin, ach ar son na nglúinte atá le teacht; Ag tabhairt faoi deara, faoi réir an Achta Oideachais, 1998, gur pairtnéirí in oideachas a bpáistí iad na tuismitheoirí;
Ag taobhú le dúnghaois, éiteas agus polasaithe na scoile mar atá leagtha amach ar mhaithe lenár bpáistí agus pobal iomlán na scoile;
Ag cuimhneamh go bhforchuireann Polasaí Gaeilge na Scoile, lena nglacann gach tuismitheoir i scribhínn sula dtagann a c(h)éad pháiste ar scoil, dualgas ar thuismitheoirí na scoile tacaíocht faoi leith a thabhairt don Pholasaí sin;
Ag cur san áireamh gur ‘beatha teanga í a labhairt’ agus go bhfuil dualgas leanúnach orainn ár gcultúr Gaelach a chothú agus úsáid na teanga a éascú sa scoil agus lasmuigh den scoil le go mbeidh sí slán agus sofheicthe amach anseo;

atáimid leis seo ag gabháil na Rialacháin a leanas chugainn a ghabhann le Comhdhéanamh agus Imeachtaí Choiste na dTuismitheoirí.

Rialacháin[1]

**Líon agus Ballraíocht an Choiste:**

1. Ceithre bhall déag (14) tofa do bheith ar an gCoiste; ní mór d'aon bhall tofa atá ar an gCoiste le bliain iomlán, éirí as, agus na baill a éireoidh as mar sin do bheith intofa athuair ag an gCruinniú Cinn Bhliana.

1.1. Féadfaidh na tuismitheoirí[2] cibé líon is gá chun ballraíocht an Choiste a thabhairt go sé dhuine dhéag (16) a thoghadh gach bliain ag an gCruinniú Cinn Bhliana, ag meabhrú go bhfuil ina measc:

1.1.1. Seisear (6) oifigeach i.e. (i) Cathaoirleach; (ii) Leas-Chathaoirleach; (iii) Rúnaí; (iv) Leas-Rúnaí; (v) Cisteoir; agus, (vi) Leas-Chisteoir.

1.1.2. Ionadaí do gach ceann de na hocht (8) mbliana scoile iontu, is é sin (i) Naíonáin Shóisearacha; (ii) Naíonáin Shinsearacha; (iii) Rang a hAon; (iv) Rang a Dó; (v) Rang a Trí; (vi) Rang a Ceathair; (vii) Rang a Cúig; agus, (viii) Rang a Sé

1.2. É a bheith de chead ag na baill a thoghtar baill bhreise nach mó ná beirt (2) a líon thar an ceithre bhall déag (14) tofa do chomhthoghadh agus na baill bhreise seo, agus gach ball comhtofa eile, d'éirí as an gCoiste ar theacht don chéad Chruinniú Cinn Bhliana tar éis a gcomhthofa.

1.3. Is baill *ex officio* den Choiste é an Príomhoide gan cearta vótála.

1.4. Is baill *ex officio* den Choiste iad an bheirt ainmnithe de chuid na dtuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta agus cearta vótála acu ar chinnithe an Choiste.

1.5. Ní bheidh aon bhall ina (h)oifigeach sa ról céanna níos faide ná trí bliana ar an gCoiste.

**2. Cruinniú Cinn Bhliana**

2.1. Tionólfar Cruinniú Cinn Bhliana na dTuismitheoirí agus na gCaomhnóirí i mBealtaine na scoilbliana.

2.2. Tabharfar fógra faoin gCruinniú Cinn Bhliana do thuismitheoirí ar a laghad trí seachtaine (21 lá) roimh ré.

2.3. Ní bheidh an cruinniú cinn bhliana ar neamhéifeacht má ráiníonn, trí thimpiste go mbíonn aon tuismitheoir nó aon chaomhnóir gan fógra an Chruinnithe d'fháil.

2.4. Cruinniú príobháideach a bheidh sa Chruinniú Cinn Bhliana do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí dhaltaí na scoile, agus do na daoine seo a leanas ar cuireadh: (i) Baill an Bhoird Bhainistíochta;
(ii) Iontaobhaithe na Scoile;
(iii) Aon duine ar mian leis an gCoiste cuireadh foirmeálta a thabhairt dóibh.

2.5. Beidh cathaoirleach an Choiste ina C(h)eann comhairle ar an gCruinniú Cinn Bhliana agus ar aon Chruinniú Speisialta de na tuismitheoirí/caomhnóirí. Má bhíonn an Cathaoirleach as láthair, beidh Leas-Chathaoirleach an Choiste ina C(h)eann Comhairle ina (h)ionad; má bhíonn an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach araon as láthair,

[1] Sna rialacháin seo, glacfar le modhanna cumarsáide leictreonacha i gcomhair aon fhógra srl is gá a bheith i scríbhinn.

[2] Sna rialacháin seo, tá caomhnóirí san áireamh agus tagairt á déanamh do thuismitheoirí.

beidh ar bhaill an Choiste atá i láthair duine díobh féin a cheapadh mar Cheann Comhairle.

2.6. Ní bheidh cead vótála ag an gcruinniú ag aon duine ach ag tuismitheoirí/caomhnóirí dhaltaí na Scoile.

2.7. Más áil le héinne rún a mholadh le linn an Chruinnithe Cinn Bhliana, ní foláir dó/dí é chur i scríbhinn in ainm an mholtóra agus é a thabhairt don Rúnaí tráth nach mó ná seacht lá féilire (7) roimh an dáta a bheidh leagtha síos don chruinniú.

2.8. Cuirfear gach ball de Chumann na dTuismitheoirí ar an eolas faoi fholúntais i róil ar an gCoiste ag an am céanna leis an bhfógra faoin gCruinniú Cinn Bhliana trí seachtaine (21 lá) roimh ré.

**3. Ainmniúcháin agus toghchán bhaill an Choiste**

Beidh toghchán bhaill an Choiste faoi réir na n-achtanna seo a leanas:

3.1. Gan éinne a bheith i dteideal iarrthóirí d'ainmniú (iad féin nó duine eile), a chur chun tosaigh, ná vótáil sa toghchán, ach amháin tuismitheoirí agus caomhnóirí na ndaltaí atá cláraithe ar rollaí na Scoile lá an toghcháin agus le ceithre seachtaine ar a laghad roimhe sin go dtí an lá sin.

3.2. Ní foláir gach iarrthóir d'ainmniú i scríbhinn, agus cuidiú leis sin i scríbhinn agus a f(h)oirm ainmniúcháin do bheith sínithe ag an iarrthóir féin.

3.3. Ní foláir gach ainmniúchán do chur chuig an Rúnaí i dtráth go bhfaighidh sé/sí coicís (14 lá) roimh lá an Chruinnithe Cinn Bhliana é.

3.4. Ní foláir triúr nach iarrthóirí sa toghchán a cheapadh mar scrúdaitheoirí chun an toghchán a riaradh.

3.5. Ní foláir páipéir bhallóide a thabhairt amach agus a bhailiú arís le linn an Chruinnithe Cinn Bhliana.

3.6. An vótáil do dhéanamh de réir chóras an vóta shimplí neamh-inaistrithe.

3.7. I gcás Ionadaithe Bliana a thoghadh, is iad na tuismitheoirí ón mbliain sin amháin ar féidir leo vóta a chaitheamh ar son an iarrthóra sin.

3.8. I gcás gach iarrthóra eile, is féidir le haon bhall de Chumann na dTuismitheoirí vótáil ar a son.

3.9. I gcás Ionadaí Bliana a thoghadh do na Naíonáin Shóisearacha ag tosú i Meán Fómhair na bliana sin, is iad na tuismitheoirí den bhliain sin amháin a chaithfidh vóta ina leith nó a dhéanfaidh tuismitheoir a chomhthoghadh ag an Oíche Eolais agus Shóisialta ag deireadh Mheán Fómhair.

3.10. Chun post oifigigh a thógáil, ní foláir go mbeadh bliain ar a laghad caite ag an iarrthóir sin ar an gCoiste cheana chomh fada agus is féidir.

3.11. Déanfar na vótaí a chomhaireamh go poiblí. Coimeadfar iad ar feadh bliana agus ansin scriosfar iad.

3.12. Mura líontar gach spás d'Ionadaí Bliana nó d'Oifigigh ag an gCruinniú Cinn Bhliana, is féidir leis an gCoiste nuathofa sin a chur i gcrích roimh dheireadh Mheán Fómhair na scoilbhliana nua.

3.13. Má bhíonn líon na vótaí a scríobhtar ar aon pháipéar ballóide níos mó ná líon na bhfolúntas do bhaill thofa an Choiste lá an toghcháin beidh an páipéar millte agus gan bhailíocht.

3.14. Beidh an Cathaoirleach agus an Rúnaí in ann gnó an Choiste a reachtáil i nGaeilge. Folaíonn an riachtanas seo an Leas-Chathaoirleach agus an Leas-Rúnaí.

**4. Clár Gnó an Chruinnithe Cinn Bhliana**

Clár Gnó an Chruinnithe Cinn Bhliana le bheith leagtha amach mar atá thíos:

i. Fáilte;
ii. Miontuairiscí an Chruinnithe Cinn Bhliana dheireanaigh agus miontuairiscí aon Chruinnithe Speisialta de chuid na dtuismitheoirí a tionóladh idir an dá linn; iii. Tuarascáil an Chathaoirligh;
iv. Tuarascáil an Chisteora;
v. Tuarascáil ón bPríomhoide & Bord Bainistíochta
vi. Tuarascáil ó Ionadaí na Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (nuair is baill sinn);
vii. Comhfhreagras;
viii. Scrúdaitheoirí do cheapadh;
ix. Baill den Choiste do thoghadh;
x. Cinneadh ar Chuntasóir chun cuntais an Choiste a iniúchadh;
xi. Aon ghnó eile.

**5. An Chéad Chruinniú den Choiste Nua**

5.1. Roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair na bliana céanna, cuirfear in iúl do na tuismitheoirí agus na caomhnóirí cé hiad oifigigh an Choiste agus baill uile an Choiste.

5.2. Is i nGaeilge a dhéanfar cruinnithe a reachtáil ach sa chás go mbíonn tuismitheoirí gan líofacht ar an gCoiste, moltar achoimre aistrithe go Béarla a chur ar fáil ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh.

**6. Oifigigh Bhreise**

Beidh cead ag an gCoiste daoine dá líon féin a cheapadh mar oifigigh bhreise de réir mar a shocróidh an Coiste ó uair go chéile.

**7. Córam**

50% + 1 is córam de bhaill tofa do chruinniú den Choiste.

**8. Folúntais agus Córam**

Ní bheidh imeachtaí an Choiste gan feidhm de dheasca folúntais ná folúntas ina líon, ach amháin córam a bheith i láthair.

**9. Minicíocht Cruinnithe**

Tionólfar cruinniú den Choiste dhá uair sa téarma ar a laghad.

**10. Fógra Cruinnithe**

Tabharfaidh an Rúnaí fógra an chruinnithe mar aon le clár oibre do gach ball den Choiste ar a laghad seacht (7) lá roimh gach cruinniú.

**11. Tinreamh na mBall**

Má tharlaíonn ball den Choiste a bheith as láthair ó ghnáthchruinnithe an Choiste i rith tréimhse ina dtionóltar trí chruinniú as a chéile, glacfar leis go bhfuil an ball sin tar éis éirí as a b(h)allraíocht. Is féidir leis an gCoiste an duine a chomhthoghadh arís.

**12. Éileamh ar Chruinniú**

Tionólfar cruinniú faoi leith den Choiste aon uair a iarrann cúigear (5) bhall den Choiste é ach an t-iarratas sin a bheith i scríbhinn.

**13. Socrú Ceisteanna**

Ag gach cruinniú socrófar gach ceist trí vóta nó comhaontú.

**14. An Guth Réitigh**

Má tharlaíonn vótáil chothrom, beidh an dara vóta ag an gCathaoirleach, éadhon, an guth réitigh.

**15. Cathaoirleach Sealadach**

Má bhíonn an Cathaoirleach as láthair ó chruinniú, beidh an Leas-Chathaoirleach ina c(h)eann comhairle ina ionad; má bhíonn an Cathaoirleach agus an Leas-Cathaoirleach araon as láthair, ceapfaidh na baill atá i láthair duine díobh féin mar chathaoirleach i gcomhair an chruinnithe sin, agus beidh lán-fheidhm an Chathaoirligh aige/aici siúd lena linn sin.

**16. Miontuairiscí**

16.1. Tógfar na miontuairiscí i nGaeilge ag an gcruinniú. Moltar achoimre i mBéarla. Coimeádfar miontuairiscí gach cruinnithe i leabhar miontuairiscí faoi chúram an Rúnaí, agus is é an céad ghnó a dhéanfar ag gach gnáthchruinniú ná miontuairscí an chruinnithe roimhe sin mar aon le miontuairiscí aon chruinnithe speisialta a tionóladh idir an dá linn a léamh, a bhreathnú agus a shíniú. Cuirfear miontuairiscí gach cruinnithe ar aghaidh chomh luath agus is féidir agus ar a laghad seacht (7) lá roimh dháta an chéad chruinnithe eile.

16.2. I ndiaidh an Chruinnithe Cinn Bhliana cuirfidh an Rúnaí miontuairiscí an chruinnithe sin agus miontuairiscí gach cruinnithe a tharla le linn don Choiste a bheith i bhfeidhm ar aghaidh chuig Rúnaí an Choiste nua.

16.3. Coimeádfar cartlann de na miontuairiscí uilig a bhaineann le cruinnithe Choiste na dTuismitheoirí. Tá Rúnaí an Choiste freagrach as an gcartlann seo a choimeád.

16.4. Cuirfear cóip de mhiontuairiscí aon chruinnithe den Choiste ar fáil ar iarratas aon tuismitheora nó caomhnóra de chuid daltaí na scoile laistigh d'am réasúnta ón iarratas sin a fháil, agus ar a dhéanaí roimh dháta an chéad chruinnithe eile den Choiste.

**17. Fochoistí**

17.1. Beidh sé de chumhacht ag an gCoiste fochoistí a chur ar bun agus na fochoistí sin a bheith faoi réir cibé coinníollacha a leagfaidh an Coiste síos dóibh.

17.2. Éireoidh gach ball fochoiste as na fochoistí an lá roimh an gcéad chruinniú den Choiste nua.

17.3. Beidh sé de chumhacht ag an gCoiste fochoiste ar bith dá chuid a scor uair ar bith.

17.4. Féadfaidh an Coiste cead a thabhairt d'fhochoiste ar bith dá chuid airgead a bheith aige nó airgead a chaitheamh ar mhaithe le spriocanna faofa an fhochoiste sin.

17.5. Ní bheidh cuntais bhainc ina ainm féin ag aon fhochoiste ach mar fho-chuntas uimhrithe de chuntas bainc Choiste na dTuismitheoirí.

17.6. Beidh cead ag gach fochoiste a rialacha imeachta féin a leagan síos a fhad is nach mbristear rialachán ar bith de na rialacháin seo.

17.7. Tionólfaidh gach fochoiste cruinnithe de réir mar is gá agus tabharfaidh siad tuairisc do Choiste na dTuismitheoirí ar chruinnithe agus imeachtaí dá gcuid.

17.8. Beidh cead ag Cathaoirleach Choiste na dTuismitheoirí nó a (h)ionadaí a bheith i láthair ag aon chruinniú fochoiste.

**18. Cuntais Bhainc**

18.1. Beidh cuntais bhainc ag Coiste na dTuismitheoirí.

18.2. Cuirfear gach cuid d'airgead an Choiste i gcuntais bhainc an Choiste.

18.3. Cuirfear ráiteas reatha bainc ar na cuntais bhainc faoi bhráid an Choiste ag gach cruinniú den Choiste.

18.4. Cisteoir an Choiste atá freagrach as cuntais bhainc an Choiste a riaradh go stuama.

18.5. Tá na rialacháin seo faoi réir Treoirlínte Airgeadais, An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) atá i bhfeidhm ó am go chéile.

**19. Caiteachas**

19.1. Beidh sé de dhualgas ar an gCoiste a chistí a láimhseáil go stuama. Cinnfidh an Coiste ar chaiteachas cuí chun a ról a chomhlíonadh agus ceadófar don chisteoir íocaíochtaí a dhéanamh chun na críche seo.

19.2. Is le vóta thromlach an Choiste a dhéantar gach cinneadh i leith caiteachas ó chistí an Choiste. An t-aon eisceacht a bheidh leis seo ná méid mionairgid ar chinneadh faoi leith don Choiste le caitheamh ó mhí go mí agus a ndéanfar tuairisc air ag gach cruinniú den Choiste.

19.3. I gcás go bhfuil caiteachas mór caipitil le caitheamh ní mór don Choiste dhá mheastachán ar a laghad a fháil.

19.4. Tá na rialacháin seo faoi réir Treoirlínte Airgeadais, An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) atá i bhfeidhm ó am go chéile.

**20. Síntiúis Teaghlaigh**

20.1. Féadfaidh Coiste na dTuismitheoirí síntiús deonach a lorg ó theaghlaigh na scoile, chun cabhrú le híoc as aon chaiteachas a n-aontaíonn Coiste na dTuismitheoirí leis.

20.2. Déanfar cinneadh i leith mhéid an tsíntúis dheonaigh ag Cruinniú Choiste na dTuismitheoirí sa bhliain nua scoile.

20.3. Tá na rialacháin seo faoi réir Treoirlínte Airgeadais, An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (FSSU) atá i bhfeidhm ó am go chéile.

**21. Cuntas Airgeadais**

Rachaidh cuntais airgeadais bhliantúil an Choiste faoi lámha na nIúchóirí, a bheidh neamhspleách ar an gCoiste. Cuirfear faoi bhráid an Chruinnithe Cinn Bhliana iad.

**22. Síniú Seiceanna**

Ní bheidh cead ach ag triúr seiceanna a shíniú in ainm an Choiste, is iad Cisteoir an Choiste, Cathaoirleach an Choiste agus ball amháin eile den Choiste a bheidh ainmnithe chuige sin ag baill an Choiste. Ní mór do gach seic a bheith sínithe ag beirt den triúr sin.

**23. Cruinniú Speisialta**

23.1. Más áil le héinne tairiscint a chur faoi bhráid na dtuismitheoirí agus na gcaomhnóirí ní mór í a dhéanamh i bhfoirm fógra rúin sínithe ag ar a laghad seachtar (7) ball den Choiste nó ag caoga (50) idir thuismitheoirí agus chaomhnóirí: an fógra rúin sin a thabhairt don Rúnaí, agus é a bheith ina dhualgas airsean cruinniú speisialta a thionól.

23.2. Tionólfaidh an Rúnaí Cruinniú Speisialta de na tuismitheoirí agus na caomhnóirí ag tabhairt fógra seacht (7) lá, ar a laghad mar aon le téacs an rúin nó na rúin, do gach duine acu, chun go vótálfaidh siad ar an tairiscint.

23.3. Ní bheidh aon ábhar eile ar chlár an Chruinnithe seachas an rún nó na rúin seo.

23.4. Ní bheidh sé de chead ag an gCruinniú aon ábhar seachas an rún nó na rúin a bheidh ar an gclár nó aon leasú a mholfar, a phlé.

23.5. Ní bheidh sé de chead ag an gCruinniú aon chinneadh a thógáil seachas vótáil ar an rún nó na rúin, nó leasuithe a dhéanamh orthu.

**24. Leasú na Rialacha**

24.1. Más áil na Rialacha seo nó aon chuid díobh a athrú nó a leasú caithfear tairiscint dá réir a dhéanamh i bhfoirm fógra rúin don Chruinniú Cinn Bhliana nó fógra rúin i gcomhar Cruinnithe Speisialta mar atá leagtha amach i Rialachán (23) thuas.

24.2. Pléifidh an Coiste leis an tairiscint mar fhógra rúin nó rún i gcomhair Cruinnithe Speisialta.

24.3. Sa chás go dtionólfar Cruinniú Speisialta, ní bheidh aon ábhar eile ar chlár an Chruinnithe seachas an rún nó na rúin seo.

24.4. Ní bheidh sé de chead ag an gCruinniú aon ábhar seachas an rún nó na ruin a bheidh ar an gclár a phlé.

24.5. Ní bheidh sé de chead ag an gCruinniú aon chinneadh a thógáil seachas vótáil ar an rún nó na rúin mar a bheidh molta gan aon leasú a bheith déanta air nó orthu.

24.6. Má ghlacann dhá thrian, ar a laghad, de na tuismitheoirí agus caomhnóirí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh, le haon tairiscint, beidh sé i bhfeidhm agus leasófar na Rialacháin seo dá réir.

**25. Téacs**

I gcás téacs Gaeilge agus téacs Béarla den Bhunreacht gan a bheith de réir a chéile (nó i gcás deachrachtaí follasacha idir an dá théacs), is ag an téacs Gaeilge a bheidh an forlámhas.

**26. Athbhreithniú**

Beidh sé de dhualgas ar Choiste na dTuismitheoirí na Rialacháin seo a athbhreithniú go rialta agus ar a laghad uair amháin gach trí bliana.

**27. Teacht i bhFeidhm**

Tiocfaidh na Rialacháin seo i bhfeidhm ón gCruinniú Cinn Bhliana nó ón gCruinniú Speisialta a thionólfar roimh dheireadh na scoilbhliana 2018 agus iad a bheith i bhfeidhm go dtí go n-athrófar nó go leasófar iad de réir Rialachán 24 thuas.

Arna dhátú: 30 Aibreán 2018, arna leasú 14 Bealtaine 2025